

UIBHEACHA ÉIN A CHROCH FEAR

Mharbhuigh fear fear eile ar sliabh. Nuair a bhí an fear a marbhuigheadh i ngar do bheith caillte labhair sé agus dubhairt. “feadhnaise an sgéil seo ar Dhia agus ar éanacha an aéir”. Tamall ina diaidh sin bhí buachaill ag tóruidheacht neadracha i n-áit uaigneach ar an sliabh, fuair sé nead agus uibheacha innte, bhí sgríobhneoireacht ar na huibheacha bhí ainm an fhir a marbhuigheadh ortha, agus ainm an fhir a mharbhuigh é. Chuaidh na huibheacha chó fada le duine a léigh an sgríobhneoireacht agus croch na huibheacha an fear a rinne an marbhú.

15.10. 1931.